Tionscadal
ar
Oileán an Bhulla
le
Seán Ó Coileáin
agus
Proinsias Mac an Bheatha
An Caislín Cloch

Réamhrá

Nach mór 7 gciliméadair ó lár Bhaile Átha Cliath tá Oileán an Bhulla. Tá sé suite i mBá Átha Cliath agus bíonn na mílte daoine ag tabhairt cuairt air gach lá. Téann daoine ag siúl agus ag súgradh ar an oileán álainn seo. Téann daoine ag imirt gailf agus ag snámh agus le déanaí ag déanamh surfáil-ghaoithe ann.

Tá an leabhrán seo dírithe ar scolairí na Bunscoile. Baineann an t-eolas ann leis an nádúr atá le feiceáil go luath sa samhradh. Phiocamar an séasúir seo mar gur féidir le rang dul chuig an Oileán chun staidéar imshaoil a dhéanamh thart faoin am sin.

Phiocamar trí shuíomh chun staidéar faoi leith a dhéanamh orthu.

A An Riasc Goirt L 1 - 6
B Na Dumhcha Féaracha L 7 - 10
C An Trá L 11 - 14

Sna trí shuíomh seo faightear an-chuid den dúlra, idir phlandaí, shliogáin, agus éin. Chuireamar béim ar ocht ngné nádurtha i ngach ceann de na suímh dhifriúla seo. Tá níos mó gnéithe le feiceáil sna suímh seo ach nílimid chun an iomarca a bhrú isteach sa tionscnamh áirithe seo.

Roimh chuairt a thabhairt chuig an Oileán ullmhaigh tionscnamh sa rang roimh ré. Ansin nuair a bhíonn sibh ar an Oileán bainfidh sibh níos mó tairbhre as an turas. Ar an turas tabhair an leabhrán seo libh, comh maith le pinn dhaite, déshúiligh *(binoculars)* agus ceamara. Aimsigh an bláth nó éan nó sliogán, agus cuir tic faoin bpictiúr i do leabhrán ag taispeáint go bhfaca tú é. Déan sceits de agus dathaigh é. Tá roinnt sceitseanna le dathú ar chúl an leabhráin seo L 15.

Tá Ionad Eolais tógtha ar an Oileán ag Comhairle na Cathrach (féach an léarscáil L1) agus is fiú cuairt a thabhairt air seo, chun eolas breise a bhailiú. Fágann Bus Átha Cliath, an 130, ó Sráid na Mainistreach i lár na cathrach go rialta agus fágtar tú an-chongárach don Oileán. Uaidh sin is gá duit siúl thar an Droichead Adhmaid nó an Cabhsa, chun an tOileán a shroicheadh (féach an léarscáil). Is féidir le bhur mbus féin taisteal chuig an Oileán ar an gCabhsa agus pairceáil in aice leis an Ionad Eolais.

Tá súil againn go mbainfidh sibh tairbhre as an leabhrán seo. Táimid cinnte go mbainfidh sibh an-taitneamh as cuairt a thabhairt ar an Oileán.

Ba mhaith linn ár mórbhuíochas a ghabháil do Pheadar Ó Báille, as ucht na moltaí agus na ceartúcháin a rinne sé sa théacs.

Seán Ó Coileáin
Proinsias Mac an Bheatha.

Ainm an Scoláire……..
Rang……..
Scoil……..

Stair Oileán an Bhulla.

Roimh 1825 ní raibh Oileán an Bhulla ann ar cor ar bith. Bhí leibhéal an uisce sa bhá ag éirí eadomhain le gaineamh agus pluda ó Abhainn na Life.



Bá Bhaile Átha Cliath in 1829, gan aon Oileán.

Bhí deacracht ag longa calafort Bhaile Átha Cliath a shroicheadh de bharr an tsil-leagain seo. Thóg údaráis na Cathrach dhá fhalla, an Bhulla Theas agus an Bhulla Thuaidh chun an t-uisce sa bhá a choimeád domhain.
Is é Captaen Bligh a mhol go dtógfaí an dá fhalla. Seo an Captaen a caitheadh as a long roimhe sin san eachtra, 'Mutiny on the Bounty' i 1789. De réir a chéile d'fhás oileán beag, a lean air ag fás go dtí an lá inniu. Faoi láthair tá an tOilean 5 chiliméadar ar fhad agus aon chileméadar ar leithead.

Is Tearmann don nadúr é an tOileán inniu faoi Acht Rialtais 1976, agus faoi Acht na Naisiúin Aontaithe (UNESCO). Fásann a lán plandaí spéisiúla ar an Oileán, agus bíonn na mílte éan ann i rith na bliana, ach go háirithe sa gheimhreadh. Is é an Cadhan *(Brent Goose)*, an t-éan is cáiliúla a chaitheann an geimhreadh ar an Oileán. Eitlionn sé go tuaisceart Cheanada don samhradh.

Tá Ionad Eolais tógtha ag Comhairle na Cathrach ar an oileán, agus is feidir cuairt a thabhairt air seo agus eolas faoin oileán agus faoin nádúr a fháil ann.

Tá dhá chúrsa gailf ar an Oileán darb ainm Cumann Gailf Áth Cliath Ríoga, agus Cumann Gailf Naomh Áine.



Cadhain ar an Oileán

Léarscáil d'Oileán an Bhulla



Eochar

1 An Riasc Goirt
2. Na Dumhcha Féaracha
3 An Trá
4. An Droichead Adhmaid
5. An Cabhsa
6. An tIonad Eolais

.

Rón ar thrá an Oileáin

A. AN RIASC GOIRT

1. Biolar Trá (Scurvy Grass)

30cm ar airde
Ta an planda seo ar imeall an réisc ghoirt. Tá duilleoga méithe de chruth triantánach agus bláthanna bána air. Is de phór an chabáiste an planda seo. Tá neart vitimin C sa phlanda a úsáidtí mar dheoch do mhairnéalaigh fadó a bhí ag fulaingt ón ngalar carrach *(scurvy)*.

Chonaic mé é seo ☐

2. Rabhán (Thrift or Sea Pink)

20cm ar airde
Fásann an Rabhán go forleathan ar an riasc goirt ina thom beag. Tá duilleoga caol-líneach agus flúirse bláthanna bána dearga air. Is deas an radharc, iad a fheiceáil faoi bhláth.

Chonaic mé é seo ☐

3. **Spairtíneach** (Cord Grass)

70cm ar airde
Is féar faoi leith é an spairtíneach a fhásann faoin taoide. Bailíonn an gaineamh timpeall ar na fréamhacha rud a dhéanann an t-uisce sa bhá eadomhain. Tá dath glasbhuí air sa samhradh agus ruadhonn sa gheimhreadh.

Chonaic mé é seo ☐

4. **Púirsleán Mara** (Sea Pulsane)

30cm ar airde
Fásann an planda seo i dtomóga ar imeall an réisc ghoirt, nó i sruthanna sa láib. Bíonn dath liathghlas ar na duilleoga agus cruth triantánach orthu. Bíonn bláthanna beaga bídeacha air níos déanaí sa samhradh.

Chonaic mé é seo ☐

5. Cosdeargán (Redshank)

28cm ar fhad
Tá cosa oráiste-dhearga ar an éan seo agus gob den dath céanna aige. Is minic a fheictear an lapaire *(wader)* seo ag lag trá ag lorg bia sa láib.Is easca é a scanrú agus tá glaoch rabhaidh géar "tui-tui-tui" aige.

Chonaic mé é seo ☐

6. Corr Réisc (Grey Heron)

95cm ar fhad
Is éan an-choitianta í an Corr Réisc agus aithníonn tú í óna scrogall *(long neck)*, a cosa fada agus an dath liath atá uirthi. Is minic a bhíonn sí ina sheasamh gan bogadh ag feitheamh le breith ar éisc. Tógann sí a nead sna crainn i bPáirc Naomh Áine.

Chonaic mé é seo ☐

7. **Seil-Lacha** (Shelduck)

60cm ar fhad.
Lacha mhór ildathach cosúil le gé í seo. Tá gob dearg uirthi agus dath bán, dubh, agus donn ar a cabhail (corp). Déanann sí a nead i rapacha *(rabbit burrows)*, ach ní ar an oileán seo go fóill.

Chonaic mé é seo ☐

8. **Feannóg** (Hooded Crow)

47cm ar fhad
Is préachán í seo le dath dubh agus bán uirthi. De gnáth feicenn tú í ina haonar nó i bpéire. Itheann sí splíonach *(carrion)* agus is glantóir na tuaithe í dá bharr sin.

Chonaic mé é seo ☐

B. NA DUMHCHA FÉARACHA

1. Goirmín (Wild Pansy).

8cm ar airde.
Is bláth bídeach álainn é seo. Bíonn sé faoi bhláth ó Aibreán go Meán Fomhair. Bíonn níos mó den bhuí nó den ghorm ar na bláthanna ag brath ar na mianraí san ithir. Bíonn a lán díobh i ngrúpa le chéile.

Chonaic mé é seo ☐

2. Méara Muire (Kidney Vetch)

25cm ar airde.
Bíonn sé faoi bhláth ó Mhí na Bealtaine go Mí Iúil. Tá an bláth air cosúil le bláth corcra an Pheasair Chapaill *(Common Vetch)*.

Chonaic mé é seo. ☐

3. Craobh Éin (Bird's Foot Trefoil).

35cm ar airde.
Bionn sé faoi bhláth ó Mhí Meitheamh go Meán Fomhair. Tá dath deas buí agus dearg ar an mbláth seo. Má scrúdaíonn tú an bláth go cúramach feicfidh tú go bhfuil sé cosúil le cois éin.

Chonaic mé é seo ☐

4. Biolar Gréagáin (Lady's Smock or Cuckoo-Flower).

40cm ar airde.
Bíonn sé faoi bhláth ó Mhí Aibreáin go Meitheamh. Is maith leis áit riascach, fliuch. Uaireannta, ag brath ar na mianraí san ithir, bíonn an bláth bán in ionad bándearg.

Chonaic mé é seo ☐

5. **Fréamhacha Tairne** (Rest Harrow).

25cm ar airde
Bíonn sé faoi bhláth ó Mhí Meithimh go Meán Fómhair. Bíonn fionnadh nó gruaig ag fás ó na fréamhacha. Is maith leis ithir nach bhfuil chomh gaineamhach sin.

Chonaic mé é seo ☐

6. **Glanrosc** (Eyebright)

15cm ar airde.
Bíonn sé faoi bhláth ó Mhí Meithimh go Lúnasa. Féach ar an mbláth go cúramach, mar tá sé go hálainn, le dath buí ag a lár.Tá cruth ar an mbláth chun beacha a mhealladh. Is maith leis ithir nach bhfuil chomh gaineamhach sin.

Chonaic mé é seo ☐

7. **Fuiseog** (Lark)

18cm ar fhad.
Conaíonn an Fhuiseog ar an Oileán an bhliain ar fad. Bíonn sí i bhfolach san fhéar fada ag lorg feithidí. Déanann sí a nead ar an talamh sa bhféar idir Mí an Mhárta agus Mí Aibreáin. Nuair a théann tú congarach don nead suas sa spéir leí agus bíonn sí ag canadh gan stop, agus í ag coimeád súile ort. Go minic bíonn cíor *(crest)* ar a cheann.

Chonaic mé é seo ☐

8. **Riabhóg Mhóna** (Meadow Pipit)

15cm ar fhad.
Uaireannta glaoitear Banaltra na Cuaiche ar an éan seo, mar beireann an Chuach *(cuckoo)* a huibheacha go rúnda i nead na Riabhóige. Bíonn a nead i bhfolach ar an talamh. Eitlíonn sí go hárd sa spéir cosúil leis an bhFuiseog nuair a bhíonn contúirt ann. Itheann sí feithidí a bhíonn sa bhféar. Conaíonn sí ar an Oileán an bhliain ar fad.

Chonaic mé é seo ☐

C. AN TRÁ

1. Muiríneach (Marram Grass)

90cm ar airde.
Fásann an féar liathghlas seo ar an imeall idir na dumhcha agus an trá. Tá fréamhacha an phlanda seo fite fuaite trína chéile chun an gaineamh a bhailiú timpeall air. Tá sé in ann maireachtáil nuair a bhíonn an gaineamh báite le huisce nó nuair a bhíonn triomach ann.

Chonaic mé é seo ☐

2. Ruacan (Cockle)

4cm ar fhad
Sliogán bándonn ciorcalach atá coitianta ar an trá. Speireacha beaga ag gobadh as atá garbh ar do láimh. Bhí sé mar bhia tabhachtach fadó i mBaile Átha Cliath. Bhíodh Molly Malone á ndíol ar na sráideanna.

Chonaic mé é seo ☐

3. Diúilicín (Mussel)

4cm ar fhad
Greamaíonn agus fásann na sliogáin seo ar charraigeacha. Tá siad an-deas le n-ithe, ach is gá a bheith cúramach nach bhfuil an t-uisce ina gcónaíonn siad truaillithe.

Chonaic mé é seo ☐

4. Scian Mhara (Razor Shell)

16cm ar fhad
Is sliogán fada caol le cuar air é an scian mhara. Dath donnbhán air agus cónaíonn sé faoin ngaineamh agus go minic feicfidh tú an poll beag a dhéanann sé sa ghaineamh agus é ina lag trá.

Chonaic mé é seo ☐

5. Oisre (Oyster)

8cm ar fhad
Tá an sliogán seo cosúil le pláta beag. Tá cruth saghas ciorcalach air le dath liath agus uaireannta bíonn lonradh uaidh. Tá an-éileamh orthu mar bhia agus bíonn fleadh ann dóibh sa Ghaillimh gach bliain.

Chonaic mé é seo ☐

6. Feamainn (Seaweed)

28cm ar fhad
Bíonn dath donndubh uirthi agus caitear i dtír í ag an taoide. Tá boilgíní aeir ag an bhfeamainn ionas go mbíonn sí in ann snámh. Úsáidtear í mar leasú talún ar Oileáin Árann. Déantar tairgí sláinte as chomh maith, toisc an mhéid íodaín atá inti.

Chonaic mé é seo ☐

7. Faoileán Scadán (Herring Gull)

60cm ar fhad
Is éan coitianta é an faoileán a bhfuil dath bán ar a chorp agus sciatháin liatha aige. Tá gob buí aige le spota oráiste beag air, ag an mbun. Tá cosa bándearga aige agus tá glaoch árd garbh aige. Is maith leis éisc a ithe.

Chonaic mé é seo ☐

8. Roilleach (Oystercatcher)

43cm ar fhad
Is lapaire é an roilleach a bhfuil dath dubh agus bán air. Tá gob fada oráiste aige chun tocailt sa láib. Tá sé in ann sliogán a oscailt leis an ngob láidir seo.Tá feadaíl árd leanúnach aige nuair a bhíonn dainséar ann.

Chonaic mé é seo ☐

Le dathú isteach….